

Buntáistí na Gaeilge – eolas do thuismitheoirí



Údarás na
Gaeltachta



"Not to learn Irish is to miss the opportunity of understanding what life in this country has meant and could mean in a better future. It is to cut oneself off from ways of being at home. If we regard self-understanding, mutual understanding, imaginative enhancement, cultural diversity and a tolerant political atmosphere as desirable attainments, we should remember that knowledge of the Irish language is an essential element in their realisation."

Seamus Heaney

Réamhrá

Saibhríonn teangacha ár saol. Saibhríonn teangacha ár n-intinn, ár modh smaointeoireachta agus ár gcumas le muid féin a chur in iúl. Tugann cumas labhartha teangacha deis iontach dúinn cumarsáid a dhéanamh le cainteoirí teangacha eile in Éirinn agus thar lear chomh maith le tuiscint a fháil ar a gcultúr.

Má théimid ar saoire go Mór-Roinn na hEorpa is féidir linn sásamh agus sult faoi leith a bhaint as an eispéireas cultúrtha sin má tá teanga na tíre sin ar eolas againn agus muid in ann cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh na tíre sin. A luaithe is a dhéanann turasóir iarracht cumarsáid a dhéanamh i dteanga tír eile fosclaítear doirse dó nach mbeadh foscailte muna mbeadh teanga na tíre sin ar eolas aige.



Tá sé mar aidhm ag an leabhrán seo, atá curtha le chéile ag Údarás na Gaeltachta, cuidiú le tuismitheoirí sa Ghaeltacht atá idir dhá chomhairle faoi Ghaeilge a labhairt lena gcuid páistí mar theanga teaghlaigh. Tá mionleabhrán i bhfoirm clóite dar teideal *'10 gCúis mhaithe le Gaeilge a labhairt le do pháiste10 Good reasons to speak Irish to your child'* curtha le chéile ag Údarás na Gaeltachta le feasacht tuismitheoirí páistí a ardú i dtaca le buntáistí na Gaeilge mar theanga bheo teaghlaigh agus pobail ina saol laethúil a léiriú. Tugann an leabhrán seo breis eolais faoi na buntáistí sin.

Ní gá do thuismitheoirí a bheith imníoch faoin Bhéarla, ceann de mórtéangacha idirnáisiúnta an domhain, mar go sealbhóidh a bpáistí é sa phobal, sa chóras oideachais agus ó na meáin chraolta agus ardáin shóisialta chomhaimseartha.


Nuair a thagraítear sa leabhrán seo do bhuntáistí an dátheangachais táthar ag tagairt go sonrach do chainteoirí dhátheangacha Gaeilge agus Béarla agus na buntáistí go léir atá acusan thar chainteoirí aonteangacha Béarla sa Ghaeltacht agus go náisiúnta. Má shocraíonn tú do pháiste a thógáil le Gaeilge is fiú go mór a thuiscint gur cinneadh tábhachtach é seo a mbeidh tionchar dearfach aige ar do pháiste ar feadh a shaoil. Má shocraíonn tú do pháiste a thógáil le Gaeilge tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeidh tuiscint agat ar na buntáistí go léir a bhaineann leis an chinneadh sin.





**Cad chuige ar chóir dom Gaeilge a labhairt le mo pháiste?
Seo a leanas roinnt de na cúiseanna sin.**

Tá an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh agus pobail sa Ghaeltacht faoi bhrú ag fórsaí mórtheanga uilíoch an Bhéarla. Ionas go mairfidh an Ghaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht tá sé riachtanach go ndéanfaidh tuismitheoirí óga cinneadh coinsiasach Gaeilge a labhairt mar theanga teaghlaigh agus go gcuirfear achan tacaíocht ar fáil dóibh lena gclann a thógáil le Gaeilge. Aithníonn na sochtheangeolaithe go léir gurb é an baile an áit is nádúrthaí agus is tábhachtaí a shealbhaíonn páiste teanga óna thuismitheoirí. Más mian linn go mairfidh an Ghaeilge mar phríomh theanga cumarsáide sa Ghaeltacht beidh ar thuismitheoirí óga Gaeilge a labhairt mar ghnáth-theanga laethúil lena bpáiste ón lá a saolaítear é.





Comhthéacs na Gaeilge sa saol comhaimseartha: tá cuid mhór i gcoitinne ag cainteoirí Gaeilge le tromlach daonra an domhain.

Is teanga ársa í an Ghaeilge agus tá sí ar cheann de na 6,500 teanga atá á labhairt sa domhan. Tá ról fíor-thábhachtach ag an Ghaeilge le saol, cultúr, luacha agus féiniúlacht an phobail Ghaelaigh a léiriú, a chaomhnú, a neartú agus a chosaint.

Meastar go labhraíonn dhá dtrian de dhaonra na cruinne ar a laghad dhá theanga ina saol laethúil. Glacann siadsan leis gur gnáth nós atá ann a bheith cumasach i dhá theanga nó níos mó agus iad in ann cumarsáid mhaith a dhéanamh le cainteoirí teangacha eile. Ach i roinnt tíortha macasamhail Stáit Aontaithe Mheiriceá, Sasain agus An Astráil, tíortha ina bhfuil tromlach an daonra ina gcainteoirí aonteangacha Béarla agus gur acusan atá an chumhacht pholaitiúil, breathnaítear de ghnáth ar an dátheangachas mar iompar neamhchoitianta.



6,500

TEANGA ATÁ Á LABHAIRT SA DOMHAN

In Éirinn mar gheall ar ár gcúinsí staire agus go háirithe lorg síceolaíoch an choilíneachais ar ár n-aighe thiontaigh mórán daoine ó bheith ina gcainteoirí Gaeilge ó dhúchas go cainteoirí aonteangacha Béarla. Is é an rud aisteach faoi seo ná gur roghnaigh mórán Éireannaigh teanga uilíoch an Bhéarla a labhairt in áit na Gaeilge seachas Béarla a labhairt mar theanga bhreise chomh maith leis an Ghaeilge.

Le linn Ré an Tíogair Cheiltigh meastar go raibh thart fá 110 teanga á labhairt in Éirinn. Tháinig saoránaigh ó mhórán tíortha de chuid na hAifrice, ó Oirthear na hEorpa, ón Áis agus ó Mheiriceá Theas go hÉirinn ag lorg oibre nó tearmainn. In achar ghairid ama bhí mórán teangacha iasachta le cluinstitint fiú i mbailte beaga tuaithe na tíre. Tá sé an-choiteanta i measc na gcainteoirí seo go bhfuil ar a laghad dhá theanga ar a dtail acu agus tá siad breá toilteanach teangacha eile a labhairt de bhrí go raibh na teangacha seo acu ó aois an-óg agus dá bhrí sin is féidir leo tiontú go héasca ó theanga go teanga nuair a bhíonn gá leis. Ina chuideachta sin bíonn sé níos fusa acusan teangacha breise a fhoghlaim de bhrí go bhfuil taithí acu cheana féin ar láimhseáil struchtúir éagsúla a dteangacha sealbhaithe agus na slite difriúla inar féidir cur síos a dhéanamh ina dteangacha ar an rud céanna.



Tá sé nádúrtha go dtógfadh tuismitheoirí a bpáistí le Gaeilge, teanga ata á labhairt in Éirinn le breis is dhá mhíle bliain. Úsáideann daoine teanga mar mheán cumarsáide le hiad féin a chur in iúl ach chomh maith le feidhm cumarsáide a bheith ag teanga is feithicil í le cultúr a pobail a iompar, a chosaint agus a chaomhnú. Is taisce luachmhar í teanga a chuireann in iúl mothúcháin, cuimhní cinn, saíocht, saibhreas agus smaointe a pobail. Tugann an Ghaeilge féiniúlacht faoi leith do phobal na hÉireann. Nuair a roghnaíonn tuismitheoirí a bpáistí a thógáil le Gaeilge tá siad ag aistriú ó ghlúin go glúin modh smaointeoireachta agus cumarsáide Ghaelaí nach bhfuil ag aon tír eile sa domhan. Nuair a shocraíonn tuismitheoirí a gclann a thógáil le Gaeilge aithníonn siad go mbeidh buntáiste an dátheangachais ag a gclann mar go sealbhóidh siad an Béarla chomh maith.





Goidé na Buntáistí Oideachasúla, Sóisialta agus Sláinte a bheidh ag mo pháiste má labhraím Gaeilge leis?

Tá mórán buntáistí ag cainteoir dátheangach thar chainteoir aonteangach. Ar dtús tá foclóir i bhfad níos fairsinge aige agus tá ar a chumas cur síos a dhéanamh ar an rud céanna i dhá theanga. Aithnítear go mbíonn cuid de na daltaí scoile a fhoghlaimíonn dhá theanga chun tosaigh sa léitheoireacht, ag cuntas agus ag smaoineamh go cruthaitheach. Is minic go bhfaigheann siad torthaí scrúduithe níos fearr. Tá sé léirithe ag taighde nua atá déanta go mbíonn daltaí scoile dhátheangacha níos fearr ná a gcomhdhaltaí aonteangacha agus gur fearr a éiríonn leo fadhbanna a réiteach agus a bheith ag smaoineamh go cruthaitheach. Má labhraíonn dalta an dara teanga is mór a chuidíonn an dátheangachas leis an tríú agus an ceathrú teanga a fhoghlaim. Tugann an dátheangachas muinín agus misneach dó de bhrí go bhfuil sé in ann é féin a chur in iúl i gcúpla teanga. Rinneadh an taighde seo i réigiúin ina bhfuil mionteanga á labhairt agus fuarthas amach go mbíonn cumas níos fearr ag daltaí dhátheangacha iad féin a chur in iúl níos cruinne ná mar a dhéanann daltaí aonteangacha.





De bhrí go mbíonn intinn dhátheangach ag próiseáil dhá theanga lena struchtúir abairtí agus a stór focal bíonn an intinn dhátheangach níos gníomhaí agus níos solúbtha ná an intinn aonteangach. Baineann buntáistí praiticiúla leis an dátheangachas sa saol comhaimseartha ina bhfuil tionchar ollmhór an domhandaithe agus brú an chultúir Angla-Mheiriceánaigh le tabhairt faoi ndeara níos mo agus níos mó i saol laethúil phobal na Gaeltachta. Cuireann an Ghaeilge luacha an chultúir Ghaelaigh in iúl, cultúr ina bhfuil béim ar leas an duine agus a rannpháirtíocht ina phobal seachas tábhacht an duine aonair mar atá a léiriú ag cultúr tomhaltachais Angla-Mheiriceánach atá á iompar ag an aonteanga Bhéarla.

Tá sé léirithe ag eolaithe go mbaineann níos mó buntáistí leis an dátheangachas ná a bheith díreach in ann labhairt le líon níos mó daoine. Deirtear go mbíonn an cainteoir dátheangach níos forbartha ó thaobh urlabhra, éirime agus aclú inchinne ná mar atá cainteoir aonteangach. Bíonn toradh an-dearfach ag an dátheangachas ar intinn an chainteora dátheangach ó thaobh cuidiú lena scileanna cognaíoch agus fiú cuidiú leis cur in éadan galar Alzheimer agus cineálacha eile galair intinne. De bhrí go mbíonn ar chainteoir dátheangach cinneadh a dhéanamh go minic cé acu teanga is fearr chun labhairt le daoine áirithe meastar go mbíonn sé níos tuisceanaí agus é ag plé le daoine ná mar a bhíonn an cainteoir aonteangach, agus cuireann an próiseas seo go mór le forbairt a scileanna sóisialta.



An bhfuil an dátheangachas ina bhac ar fhorbairt oideachasúil mo pháiste?

Tá difear mór idir an tuairim atá ann faoi láthair ar an dátheangachas agus an tuairim a bhíodh faoi ar feadh mórán den fichiú haois. Ba é an tuairim láidir a bhíodh faoi go dtí na 1960í i measc taighdeoirí agus lucht ceannais, gan mórán fianaise ann chun tacú léi mar thuairim, go raibh an dátheangachas ina mhíbhuntáiste agus gur chuir sé cosc ar fhorbairt oideachasúil agus intleachtúil an dalta. D'fhág an tuairim sin a rian ar an phobal ach léirigh neart taighde ó shin gurb é a mhalairt a bhí fíor agus gur buntáiste ollmhór atá sa dátheangachas agus san ilteangachas, buntáiste atá i bhfad níos fairsinge ná scileanna sna teangacha féin. Ó thorthaí taighde atá déanta ar an dátheangachas fuarthas amach go gcuidíonn eispéireas an dátheangachas le feidhm feidhmeach na hintinne; le cuimhne a choinneáil; le planáil a dhéanamh agus le deacrachtaí a réiteach.



Léiríonn torthaí taighde go bhfuil intinn dhátheangach níos gaiste agus níos fearr ag déileáil le débhríocht chomh maith le bheith ag réiteach fadhbanna. Tá torthaí an taighde seo ag spreagadh scoltacha i Stáit Aontaithe Mheiriceá tumchláracha teanga a chur i bhfeidhm do pháistí chomh hóg le haois réamhscoile. I Stát Utah tá 20 % de na scoltacha poiblí ag cur teagasc dátheangach ar fáil dá dhaltaí le leath na ranganna achan lá á múineadh trí Bhéarla agus an leath eile á múineadh trí Spáinnis, Fraincis, Sínis nó Portaingéilis.

Léiríonn torthaí taighde go bhfuil intinn dhátheangach níos gaiste agus níos fearr ag déileáil le débhríocht chomh maith le bheith ag réiteach fadhbanna. Tá torthaí an taighde seo ag spreagadh scolacha i Stáit Aontaithe Mheiriceá tumchláracha teanga a chur i bhfeidhm do pháistí chomh hóg le haois réamhscoile. I Stát Utah tá 20 % de na scolacha poiblí ag cur teagasc dátheangach ar fáil dá dhaltaí le leath na ranganna achan lá á múineadh trí Bhéarla agus an leath eile á múineadh trí Spáinnis, Fraincis, Sínis nó Portaingéilis. Ó cuireadh tús leis an teagasc dátheangach in Utah in 2013 tá cuairt eolais tugtha ag toscaireachtaí ó 22 stát eile i Meiriceá ar Utah le breis eolais a fháil faoin chlár nuálaíoch seo.

Níl daltaí scoile in Utah ag smaoineamh mórán faoi thionchar an dátheangachais ar a n-intinn nuair a théann siad na scoile achan mhaidin ach is cinnte go bhfuil siad ag baint tairbhe agus sásaimh as an eispéireas saibhir ina bhfuil siad ag foghlaim i dtimpeallacht dhátheangach. Go hindíreach tá saibhreas agus cultúr theangacha eile diomaite den Bhéarla sa tseomra ranga ag dul i bhfeidhm go dearfach ar na daltaí. Sa deireadh thiar thall tá tír ollmhór macasamhail Stáit Aontaithe Mheiriceá, atá ar an mhórchuid ina tír aonteangach, ag aithint an tábhacht agus na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas.






Cén dóigh a gcuideoidh an Ghaeilge le mo pháiste saol iomlán a bheith aige ina phobal?

Má tá cumas maith Gaeilge aige beidh sé in ann a bheith rannpháirteach go huile agus go hiomlán i saol phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge idir imeachtaí spóirt, cultúrtha, pobail, siamsaíochta agus caitheamh aimsire. I ndiaidh do pháiste an dara teanga a shealbhú tá sé níos fusa aige a dhul agus an tríú teanga a fhoghlaim. Tugann sealbhú na Gaeilge deis iontach do do pháiste a bheith dátheangach nó fiú ilteangach.



GAEILGE



BÉARLA



?




Goidé na Buntáistí Fostaíochta agus Cultúrtha a bheidh ag mo pháiste má labhraífm Gaeilge leis?

Is scil atá i bhfoghlaim teanga agus le barr feabhais a chur air is gá é a chleachtadh go maith agus go rialta. Tá buntáistí fostaíochta faoi leith ag daoine óga a bhfuil cumas maith i nGaeilge agus i mBéarla acu agus le blianta beaga anuas tá méadú suntasach ar líon na bhfostóirí atá ag lorg oibrithe le Gaeilge. Tá deiseanna fostaíochta le fáil mar mhúinteoirí agus i mórán réimsí eile den státchóras mar atá Raidió na Gaeltachta, TG4, An Roinn Ealaíon Oidhreacht & Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge agus na húdaráis áitiúla.

San earnáil dheonach in Éirinn ar nós na comharchumainn agus struchtúir phobail eile sa Ghaeltacht tá a lán postanna a shonraíonn mar bhunriachtanas don phost gur gá cumas maith i nGaeilge a bheith ag na hiarrthóirí. Tá tús á chur le feidhmiú An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus, dá bhrí sin, beidh béim níos mó ná riamh á chur ar chumas agus ar cháilíochtaí i nGaeilge agus sa phleanáil teanga agus aon fholúntais á líonadh ag eagraíochtaí forbartha pobail.

De bhrí go bhfuil an Ghaeilge aitheanta mar theanga oibre de chuid an Aontais Eorpaigh ó 2007, tá deiseanna breise fostaíochta mar aistritheoirí agus ateangairí ar fáil in oifigí Pharlaimint agus Choimisiúin na hEorpa, dóibh siúd a bhfuil cáilíochtaí i nGaeilge acu.

Inár saol comhaimseartha tá tionchar agus lorg an domhandaithe le brath go mór ar ár saol. Mar gheall ar an teicneolaíocht tá muid ar an eolas faoi imeachtaí atá ag tarlú na mílte míle ar shiúl uainn. Is minic go mbíonn níos mó eolais againn faoi cad atá ar siúl i dtíortha i bhfad i gcéin ná mar atá ag tarlú inár gceantar agus inár bpobal féin. Tá ár modh smaointeoireachta, eiticí agus ár luachanna traidisiúnta ag athrú go gasta agus tá baol ann go gcaillfidh muid mórán de na luachanna sin a níonn uathúil muid mar phobal Gaeltachta. Tá clú is cáil riamh anall ar an Ghaeltacht mar cheantar faoi leith a bhfuil cultúr láidir Gaelach aige agus iomrá leitheadach ar a cheol, amhránaíocht, féilte, damhsa, litríocht, saibhreas teanga, nósanna, béaloideas agus slí maireachtála. Ní féidir iomlán sásaimh a bhaint as an saibhreas cultúrtha seo muna bhfuil Gaeilge ar do thoil agat: cinnte is féidir gnéithe dár litríocht Ghaeilge nó





amhráin a aistriú go teangacha eile ach ní hionann é sin agus a bheith in ann é a léamh agus sásamh a bhaint as ins an teanga inár scríobhadh é. Tá sé mar chúram orainne, pobal na Gaeltachta, a bheith inar gcaomhnóirí ar ár n-oidhreacht luachmhar.

Is taisce luachmhar iad ár logainmneacha ina bhfuil saibhreas iontach eolais iontu faoi saol ár muintire san am a chuaigh thart. Sa chás nach bhfuil aon chuntas scríofa ar fáil faoi shaol laethúil oibre na ngnáth dhaoine tá mórán eolais gur féidir a aimsiú ó na logainmneacha mar atá ainmneacha bailte fearainn, sráidbhailte, cnoic, sléibhte, sráideanna, páirceanna, aibhneacha, locha agus mórán gnéithe aiceanta eile den tírdhreach. Tugann logainmneacha léargas iontach dúinn ar ár saol sóisialta agus ar ár stair áitiúil, mórán de nár scríobhadh síos. Ba iad na gnáth dhaoine a chum na logainmneacha sin le cur síos a dhéanamh ar a saol laethúil, ar a gcleachtais oibre nó le cur síos a dhéanamh ar ghnéithe aiceanta dá dtimpeallacht. Le himeacht na mblianta cumadh leagan Béarla de na logainmneacha seo ach i ndáiríre níl iontu ach fuaimeanna atá cosúil le fuaimniú na logainmneacha Gaeilge ach níl aon bhrí ná ciall leo. Tá an cainteoir Gaeilge faoi bhuntáiste mór mar go dtuigeann sé

brí an leagan Gaeilge de na logainmneacha agus ar an ábhar sin tá tuiscint faoi leith aige ar a thimpeallacht chultúrtha agus ar a dhúiche féin: d'fhéadfá a rá go bhfuil ceangal faoi leith aige lena cheantar mar go bhfuil sé fréamhaithe ann agus ar an ábhar sin tá deis aige suim faoi leith a chur ina thimpeallacht. Is fiú a thabhairt san áireamh an méid seo a leanas a dúirt an file iomráiteach Seamus Heaney faoin dlúthbhaint atá ag an Ghaeilge le gach gné dár saol:

“Not to learn Irish is to miss the opportunity of understanding what life in this country has meant and could mean in a better future. It is to cut oneself off from ways of being at home. If we regard self-understanding, mutual understanding, imaginative enhancement, cultural diversity and a tolerant political atmosphere as desirable attainments, we should remember that knowledge of the Irish language is an essential element in their realisation.”

Cén ról a dtig liomsa a imirt sa Phróiseas Pleanála Teanga i mo cheantar féin?

Tá tús á chur le plean teanga a ullmhú i do cheantarsa. Is cinnte gur fiú go mór duit an deis cultúrtha seo a thapú agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas pleanála teanga a bheidh ar siúl i do Limistéar Pleanála Teanga ó seo go ceann blianta fada. Tá deis agatsa ionchur a bheith agat sa phlean teanga a ullmhófar do do cheantar. Thig leatsa do chuid féin a dhéanamh le cinntiú go mairfidh an Ghaeilge mar theanga bheo teaghlaigh agus pobail i do cheantar. Ansin beidh tú buíoch agus bródúil as an taise luachmhar atá aistrithe chugainn ó ghlúin go glúin lenár saol laethúil a chothú, a neartú agus a shaibhriú.







Údarás na
Gaeltachta



www.udas.ie